Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1075

12.4.2024

**CINNEADH (AE) 2024/1075 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 5 Feabhra 2024**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194, i gcomhar le hAirteagal 218 (9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Conradh um Chomhphobal Fuinnimh ('an Conradh') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006 ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2006.

(2) De bhun Airteagal 47 den Chonradh, tá an Chomhairle Aireachta le Bearta a ghlacadh, ar Bearta iad, de bhun Airteagal 76 den Chonradh sin, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm Cinnidh nó i bhfoirm Molta.

(3) Glacfaidh an Chomhairle Aireachta roinnt gníomhartha, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, a thagann faoi raon feidhme Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus a vótálfaidh ionadaithe an Aontais orthu.

(4) Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe éascú a dhéanamh ar bhaint amach chuspóirí an Chonartha agus ar fheidhmiú Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh i Vín, a chuireann, i measc nithe eile, tacaíocht riaracháin ar fáil don Chomhairle Aireachta.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta maidir leis na gníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag na gníomhartha sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh glacadh na ngníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a fhormheas.

(2) Féadfaidh an Coimisiún mionathruithe ar na gníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, i bhfianaise barúlacha ó na Páirtithe Conarthacha sa Chomhphobal Fuinnimh, a chomhaontú, roimh an gComhairle Aireachta nó ag an gComhairle Aireachta, gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhrúiséil, an 5 Feabhra 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

H. LAHBIB

([1]) Cinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006 Conradh an Chomhphobail Fuinnimh á thabhairt i gcrích ag an gComhphobal Eorpach (IO L 198, 20.7.2006, lch. 15).

*IARSCRÍBHINN*

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC MAIDIR LE RIALACHÁN FOIRNE AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH AN 18 NOLLAIG 2007 A LEASÚ, ARNA LEASÚ LE GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2009/04/MC-EnC AGUS LE GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2022//02/MC-EnC, AGUS LENA LEASAÍTEAR GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2006/02/MC-EnC MAIDIR LE GLACADH RIALACHA MAIDIR LE hEARCAÍOCHT, DÁLAÍ OIBRE AGUS COTHROMAÍOCHT GHEOGRAFACH FHOIREANN RÚNAÍOCHT AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH, ARNA LEASÚ LE GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2016/01/MC-EnC AGUS GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2022/02/MC-EnC**

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta an Dréachtghníomh Nós Imeachta ón gComhairle Aireachta a fhormheas, lena leasaítear Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh an 18 Nollaig 2007 agus lena leasaítear an Gníomh Nós Imeachta maidir le Rialacha Earcaíochta, Dálaí Oibre agus Cothromaíocht Gheografach Fhoireann an Chomhphobail Fuinnimh i gcomhréir le hAguisín 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC MAIDIR LE GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2021/01/MC-EnC MAIDIR LE BUISÉAD AN CHOMHPHOBAIL FUIMMINH A GHLACADH LE hAGHAIDH NA mBLIANTA 2022-2023 AGUS MAIDIR LEIS NA RANNÍOCAÍOCHTAÍ Ó NA PÁIRTITHE SA BHUISÉAD A LEASÚ**

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta an Dréachtghníomh Nós Imeachta ón gComhairle Aireachta a fhormheas maidir le leasú a dhéanamh ar Ghníomh Nós Imeachta 2021/01/MC-EnC maidir le Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh le haghaidh na mblianta 2022-2023 agus maidir leis na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe sa bhuiséad i gcomhréir le hAguisín 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC MAIDIR LE LEASÚ AR GHNÍOMH NÓS IMEACHTA 2021//02/MC-EnC I dTACA LE STIÚRTHÓIR RÚNAÍOCHT AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH A CHEAPADH**

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta an Dréachtghníomh Nós Imeachta ón gComhairle Aireachta a fhormheas lena leasaítear Gníomh Nós Imeachta 2021/02/MC-EnC maidir le Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a cheapadh i gcomhréir le hAguisín 3 a ghabhann leis an Iarscríbhinn.

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC MAIDIR LE BUISÉAD AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH A GHLACADH LE hAGHAIDH NA mBLIANTA 2024-2025 AGUS MAIDIR LEIS NA RANNÍOCAÍOCHTAÍ Ó NA PÁIRTITHE SA BHUISÉAD**

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh an Dréachtghníomh Nós Imeachta ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas maidir le Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh le haghaidh na mblianta 2024-2025 agus maidir leis na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe sa bhuiséad i gcomhréir le hAguisín 4 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC MAIDIR LE CAIRT EAGRÚCHÁIN RÚNAÍOCHT AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH A GHLACADH**

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta an Dréachtghníomh Nós Imeachta ón gComhairle Aireachta a fhormheas maidir le Cairt Eagrúcháin an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh i gcomhréir le hAguisín 5 a ghabhann leis an Iarscríbhinn.

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC MAIDIR LE GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2006/03/MC-EnC MAIDIR LE GLACADH NÓSANNA IMEACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH UM BUNÚ AGUS CHUR CHUN FEIDHME BUISÉID, INIÚCHTA AGUS CIGIREACHTA A LEASÚ, ARNA LEADÚ LE GNÍOMH NÓS IMEACHTA UIMH. 2014/01/MC-EnC AGUS AN GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2022/02/MC-EnC**

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta an Dréachtghníomh Nós Imeachta ón gComhairle Aireachta a fhormheas maidir le Gníomh Nós Imeachta 2006/03/MC-EnC a leasú maidir le Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh um Bunú agus Chur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta a ghlacadh, i gcomhréir le hAguisín 6 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

**CINNEADH 2023/XX/MC-EnC MAIDIR LE hURSCAOILEADH AIRGEADAIS STIÚRTHÓIR RÚNAÍOCHT AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta an Dréachtchinneadh ón gComhairle Aireachta maidir le hUrscaoileadh Airgeadais Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas i gcomhréir le hAguisín 7 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

*AGUISÍN 1 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC**

**Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**lena leasaítear Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh an 18 Nollaig 2007 arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2009/04/MC-EnC agus le Gníomh Nós Imeachta 2022/02/MC-EnC, agus lena leasaítear Gníomh Nós Imeachta 2006/02/MC-EnC maidir le glacadh Rialacha maidir le hEarcaíocht, Dálaí Oibre agus Cothromaíocht Gheografach Fhoireann Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2016/01/MC-EnC agus Gníomh Nós Imeachta 2022/02/MC-EnC**

TÁ COMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 69, 82, 83. 86 agus 87 de,

De bhrí gur cheart Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh a leasú chun soiléireacht níos fearr a sholáthar maidir leis na rialacha ceapacháin agus meastóireachta feidhmíochta, maidir le tuarastail agus sochair shóisialta, maidir le headráin díospóidí a bhaineann le foireann Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh agus maidir le hinfheidhmeacht na Rialachán Foirne sin maidir le Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh,

De bhrí gur cheart Rialacha Earcaíochta, Dálaí Oibre agus Cothromaíocht Gheografach Fhoireann an Chomhphobail Fuinnimh de chuid na Rúnaíochta a leasú chun ailíniú leis na leasuithe thuasluaite ar na Rialacháin Foirne a áirithiú,

De bhrí gur gá socruithe idirthréimhseacha a sholáthar chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le hinfheidhmeacht na leasuithe sin maidir le Stiúrthóir reatha Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh le linn a shainordaithe reatha,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

TAR ÉIS AN GNÍOMH NÓS IMEACHTA SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh an 18 Nollaig 2007 arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2009/04/MC-EnC agus le Gníomh Nós Imeachta 2022/02/MC-EnC**

(1) I Roinn 2.1. ('Sainmhínithe'):

— Sa chéad fhomhír cuirfear abairt isteach ag an deireadh: 'Is ball foirne é an Stiúrthóir.';

— Leasófar an tríú fomhír chun go léifear mar a leanas í: 'Foireann ar iasacht': baill foirne atá ar iasacht óna rialtais nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta le haghaidh sannadh laistigh den Rúnaíocht';

— Leasófar an séú fomhír chun go léifear mar a leanas í:'Fostóir': An Comhphobal Fuinnimh, arna ionadú ag Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh nó ag an gComhairle Aireachta maidir leis an Stiúrthóir';

(2) Roinn 3.1. Déanfar ('Cineál idirnáisiúnta na seirbhíse') a leasú chun go léifear mar a leanas é:

— 'Is státseirbhísigh idirnáisiúnta iad na baill foirne a bhfuil a n-oibleagáidí idirnáisiúnta go heisiach. Trí ghlacadh le ceapachán, geallann siad go gcomhlíonfaidh siad a bhfeidhmeanna agus go rialálfaidh siad a n-iompar ar mhaithe le leasanna an Chomhphobail Fuinnimh, agus leo sin amháin. Beidh siad faoi réir údarás an Stiúrthóra agus beidh siad freagrach dó nó di i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna. Beidh an Stiúrthóir faoi réir údarás na Comhairle Aireachta. Ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh na baill foirne treoracha ó aon rialtas ná ó aon údarás eile lasmuigh den Chomhphobal Fuinnimh agus iad i mbun a gcuid dualgas.'

(3) I Roinn 3.3. ('Obair sheachtrach'):

— Leasófar fomhír a) chun go léifear mar a leanas í: 'Ní ghlacfaidh baill foirne páirt in aon ghníomhaíocht lasmuigh den Chomhphobal Fuinnimh atá ar neamhréir le comhlíonadh cuí a ndualgas, aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le coinbhleacht leasa, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chlú an Chomhphobail Fuinnimh.';

— Leasófar fomhír b) chun go léifear mar a leanas í: ‘Ní ghabhfaidh baill foirne d’aon slí bheatha fostaíochta ar íocaíocht lasmuigh den Chomhphobal Fuinnimh gan formheas i scríbhinn a fháil roimh ré ón Stiúrthóir. Aon bhall foirne a bhfuil scair chuideachta go díreach nó go hindíreach aige, atá rannpháirteach in earnáil an fhuinnimh, a d’fhéadfadh ligean dó/di tionchar a imirt ar bhainistíocht na cuideachta, cuirfidh sé/sí an méid sin in iúl i scríbhinn don Stiúrthóir. I gcás comhchosúil, tabharfaidh an Stiúrthóir fógra i scríbhinn d’Uachtaránacht na Comhairle Aireachta. ‘Ní ghabhfaidh an Stiúrthóir d’aon slí bheatha fostaíochta ar íocaíocht lasmuigh den Chomhphobal Fuinnimh gan formheas i scríbhinn a fháil roimh ré ó Uachtaránacht na Comhairle Aireachta. Féadfaidh Uachtaránacht na Comhairle Aireachta a formheas i scríbhinn a thabhairt le haghaidh réimse gníomhaíochtaí.’

— Cuirfear an méid seo a leanas in ionad fhomhír c) chun go léifear mar a leanas í: ‘Sula rachaidh an Stiúrthóir i mbun dualgas sa Rúnaíocht, cuirfidh sé dearbhú ionracais faoi bhráid Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh lena leagtar síos aon leas a d’fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas. Déanfaidh an Stiúrthóir dearbhú den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta nuair a thiocfaidh athrú ar na himthosca. Más rud é, tráth ar bith agus é i mbun a dhualgas, go bhfaigheann an Stiúrthóir amach faoi aon choinbhleacht fhéideartha leasa a d’fhéadfadh a thuiscint mar choinbhleacht a d’fhéadfadh neamhspleáchas agus ionracas an Stiúrthóra a chur i mbaol, cuirfidh sé nó sí Uachtaránacht na Comhairle Aireachta ar an eolas gan moill mhíchuí.’

— Déanfar fomhír d) a chur isteach agus a léamh mar a leanas: ‘Tuairisceoidh an Stiúrthóir don Chomhairle Aireachta gach bliain maidir le cur chun feidhme na forála seo.’

(4) Leasófar Roinn 3.5.a (‘Úsáid agus scaoileadh faisnéise’) chun go léifear mar a leanas í:

— ‘Feidhmeoidh oifigigh na Rúnaíochta an discréid is gá maidir le gach ábhar a bhaineann le gnó oifigiúil. Ní dhéanfaidh siad, ach amháin le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh nó le húdarú ón Stiúrthóir, nó ó Uachtaránacht na Comhairle Aireachta a mhéid a bhaineann leis an Stiúrthóir, faisnéis neamhfhoilsithe is eol dóibh mar gheall ar a phost oifigiúil a chur in iúl d’aon duine, ná ní úsáidfidh siad an fhaisnéis sin tráth ar bith ar mhaithe le buntáiste pearsanta, lena n-áirítear buntáistí airgeadais. Leanfaidh an oibleagáid sin de bheith ina ceangal ar Oifigigh an Rúnaíocht tar éis iad a scaoileadh ó sheirbhís.’

(5) Leasófar Roinn 3.7.a) (‘Onóracha agus Bronntanais’) chun go léifear mar a leanas í:

— ‘I dtaca lena gcuid dualgas, ní dhéanfaidh ball foirne aon onóir, maisiúchán, fabhar, bronntanas ná táille, nach bhfuil ag luí lena stádas mar státseirbhíseach idirnáisiúnta, a ghlacadh ó aon rialtas ná ó aon fhoinse eile, nó a thairiscint d’aon rialtas ná aon fhoinse eile, lasmuigh den Rúnaíocht. Déanfaidh ball foirne a dtairgtear dóibh nó a fhaigheann aon onóir, maisiú, fabhar, bronntanas nó táille den sórt sin an méid sin a thuairisciú láithreach don Stiúrthóir. Déanfaidh an Stiúrthóir na fíorais sin a thuairisciú don Chomhairle Aireachta. Beidh bronntanais a fhaigheann baill foirne i gcáil oifigiúil ina maoin de chuid an Chomhphobail Fuinnimh, coimeádfar iad in áitreabh na Rúnaíochta agus liostófar iad in innéacs arna tharraingt suas chun na críche sin.’

(6) I Roinn 4.1 (An Stiúrthóir a Cheapadh’) faoi 4. (Ceapacháin”) cuirfear abairt isteach ag an deireadh:

— ‘Beidh feidhm ag ceapachán an Stiúrthóra ón dáta a shíneoidh an Stiúrthóir a Chomhaontú Fostaíochta mar a leagtar amach i Roinn 4.4.’

(7) Leasófar Roinn 4.1.bis (‘Leas-Stiúrthóir’) chun go léifear mar a leanas í:

— Féadfaidh an Stiúrthóir feidhm an Leas-Stiúrthóra a shannadh do dhuine de na cinn aonaid atá ann cheana sa Rúnaíocht. Saineoidh an Stiúrthóir cúraimí an Leas-Stiúrthóra.’

(8) I Roinn 4.4. (‘An Comhaontú Fostaíochta’):

— Leasófar fomhír a) chun go léifear mar a leanas í: ‘Beidh téarmaí fostaíochta baill foirne faoi rialú ag Comhaontú Fostaíochta a shíneoidh an Stiúrthóir agus an ball foirne. Sula rachaidh an Stiúrthóir agus Uachtaránacht na Comhairle Aireachta i mbun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, síneoidh siad Comhaontú Fostaíochta arna fhormheas ag an gComhairle Aireachta i gcomhréir le Rialacha Earcaíochta, Dálaí Oibre agus Cothromaíocht Gheografach Fhoireann na Rúnaíochta.’;

— Leasófar fomhír b) chun go léifear mar a leanas í: ‘Sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad sa Chomhaontú Fostaíochta:

(a) Ainm agus seoladh dlíthiúil an fhostóra:

(b) Ainm agus seoladh dlíthiúil an fhostaí:

(c) Dáta éifeachtach an cheapacháin;

(d) Fad Tréimhse an cheapacháin;

(e) Gnátháit fostaíochta;

(f) Teideal an phoist;

(g) Luach saothair iomlán a bhaineann leis an gceapachán;

(h) Coinníollacha promhaidh;

(i) Iomlán na teidlíochta saoire bliantúla;

(j) An líon uaireanta oibre in aghaidh na seachtaine;

(k) Liosta sainráite de dhoiciméid, atá i gceangal leis an gComhaontú, lena n-áirítear na Rialacháin Foirne seo, agus lena dtagraítear do rialáil an chaidrimh fostaíochta.'.

(9) I Roinn 4.5.b (Tuairisc ar phost), cuirfear abairt isteach ag an deireadh:

— Leagfar amach an tuairisc ar phost an Stiúrthóra ina Chomhaontú Fostaíochta nó ina Comhaontú Fostaíochta.

(10) I Roinn 4.7. ('Ceanglais Feidhmíochta Ghinearálta'):

— Leasófar fomhír a) chun go léifear mar a leanas í: 'Comhlíonfaidh baill foirne a ndualgais agus a bhfreagrachtaí go coinsiasach agus leanfaidh siad go docht na treoracha agus na treoirlínte uile a chuirfidh an Stiúrthóir agus oifigigh uachtaracha agus/nó maoirseoirí eile ar fáil. Tuairisceoidh na baill foirne don Stiúrthóir ar bhonn rialta maidir lena ngníomhaíochtaí.';

— Leasófar fomhír b) chun go léifear mar a leanas í: 'Féadfaidh an Stiúrthóir dualgais agus freagrachtaí a shannadh, go sealadach nó go buan, do Bhall foirne a chomhfhreagraíonn d'oideachas agus oiliúint agus cumais an bhaill foirne, agus atá réasúnach i dtéarmaí na tuairisce ábhartha ar phost.';

— Leasófar fomhír c) chun go léifear mar a leanas í: 'Féadfaidh baill foirne a n-easaontas a chur i láthair i scríbhinn le haon sannadh má tá siad den tuairim nach bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais faoi phointe (b) den Roinn seo.';

— Déanfar fomhír d) a chur isteach agus a léamh mar a leanas: 'Bunóidh an Stiúrthóir straitéis bainistithe feidhmíochta acmhainní daonna lena n-áirítear nós imeachta cur chun cinn atá nasctha le critéir feidhmíochta, faoi réir srianta buiséadacha.'.

(11) I Roinn 4.8. ('Breithmheas ar Fheidhmíocht/Idirphlé Foirne'):

— Déanfar fomhír b) a leasú mar a leanas: 'Déanfaidh garoifigigh uachtaracha tuarascálacha feidhmíochta, lena n-áirítear barúlacha agus moltaí, i scríbhinn. Déanfar an tuarascáil bhliantúil a phlé leis an mball foirne lena mbaineann agus a thaispeáint dó, agus féadfaidh an ball foirne sin na barúlacha a chur i gceangal léi de réir mar a mheasfaidh sé nó sí a bheith ábhartha, agus déanfaidh sé nó sí í a shíniú agus a dhátú.'.

— Déanfar fomhír c) a chur isteach agus a léamh mar a leanas: 'Sa chéad ráithe de gach bliain féilire, beidh an Stiúrthóir faoi réir breithmheas bliantúil ar fheidhmíocht. Is é is cuspóir don bhreithmheas bliantúil measúnú a dhéanamh ar inniúlacht, éifeachtúlacht, agus iompar i seirbhís an Stiúrthóra agus an Tuairisc ar Phost a choigeartú, de réir mar is gá. Ionadaí ón bPáirtí Conarthach a mbeidh Uachtaránacht na Comhairle Aireachta aige sa bhliain roimh an measúnú, chomh maith le hionadaí ón gCoimisiún Eorpach, gníomhóidh siad mar oifigigh tuairiscithe. Bunóidh an Stiúrthóir féinmheasúnú faoin 31 Eanáir den bhliain dár gcionn, a phléifear ina dhiaidh sin leis an mbeirt oifigeach tuairiscithe. Laistigh de 4 seachtaine, tarraingíonn na hoifigigh tuairiscithe tuarascáil a dtugtar fógra faoi i scríbhinn don Stiúrthóir agus a scaiptear mar eolas ar an gComhairle Aireachta. I gcás easaontú leis an tuarascáil, féadfaidh an Stiúrthóir a iarraidh ar Uachtaránacht na Comhairle Aireachta athmhachnamh a dhéanamh uirthi. Ní mór don Uachtaránacht údar cuí a thabhairt lena tuairim i scríbhinn agus an Chomhairle Aireachta a chur ar an eolas'.

(12) Déanfar Roinn 4.9.c) ('Ceapacháin/Tréimhsí Sínithe') a chur isteach agus a léamh mar a leanas:

— 'Féadfar ceapachán an Stiúrthóra a athnuachan uair amháin ar feadh téarma socraithe 5 bliana. Cuirfear an méid sin in iúl ina Chomhaontú Fostaíochta nó ina Comhaontú Fostaíochta.'.

(13) I Roinn 4.10. ('Tréimhse phromhaidh'):

— Leasófar fomhír a) chun go léifear mar a leanas í: 'Beidh ceapacháin na gcomhaltaí foirne faoi réir tréimhse phromhaidh 6 mhí i gcomhréir leis na Rialacha maidir le Rialacha Earcaíochta, Dálaí Oibre agus Cothromaíocht Gheografach le haghaidh Fhoireann na Rúnaíochta agus faoi réir coinníollacha a bheidh le sonrú sa Chomhaontú Fostaíochta.';

— Déanfar fomhír nua a chur isteach i ndiaidh fhomhír (a) agus léifear mar a leanas í: 'Freastalóidh an Stiúrthóir ar thréimhse phromhaidh 6 mhí. Tar éis breithmheas a dhéanamh ar fheidhmíocht an Stiúrthóra ag deireadh na tréimhse promhaidh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Roinn 4.8.c), cinnfidh an Chomhairle Aireachta an Comhaontú Fostaíochta don Stiúrthóir a dhaingniú nó a fhoirceannadh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 88 den Chonradh. Féadfaidh aon Chomhalta den Chomhairle Aireachta a thuairimí a chur in iúl don Chomhairle Aireachta i scríbhinn tráth nach déanaí ná 2 sheachtain roimh dheireadh na tréimhse promhaidh 6 mhí. De mhaolú ar Roinn V 23-25(abairtí 1 agus 2) de Ghníomh Nós Imeachta 2006/01/MC-EnC maidir le Rialacha Nós Imeachta inmheánacha Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh, arna leasú, a ghlacadh, féadfaidh an Stiúrthóir cinneadh a thionscnamh trí chomhfhreagras laistigh de 10 lá féilire roimh dheireadh na tréimhse promhaidh 6 mhí ar bhonn an bhreithmheasa. Níl feidhm ag Roinn 4.10h)'.

(14) Leasófar Roinn 9.1.a (Tuarastail) chun go léifear mar a leanas í:

— 'Déanfaidh an Stiúrthóir, i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach, scála tuarastail iomaíoch a bhunú a chomhfhreagróidh d'aicmiú na bpost i Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh. Áireofar forc le haghaidh ardú céime sa scála tuarastail. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach é a mholadh agus déanfaidh an Chomhairle Aireachta é a fhormheas mar chuid den togra buiséid ábhartha, de bhun na rialacha a leagtar amach in Airteagal 88 den Chonradh.'.

(15) Déanfar fomhír nua ("Saoire Tuismitheora") a chur isteach i ndiaidh Roinn 10.4 agus léifear mar a leanas í:

— "Beidh aon bhall foirne i dteideal suas le 6 mhí a thógáil ar saoire do thuismitheoirí gan bhuntuarastal i gcás gach linbh, ar saoire í a bheidh le tógáil i gcaitheamh an chéad dá bhliain déag ón uair a shaolófar an leanbh nó ón uair a uchtófar é. Is féidir fad tréimhse na saoire a dhúbailt le haghaidh tuismitheoirí aonair. Ní bheidh an tsaoire íosta a thógfar ag aon am amháin níos lú ná mí amháin.".

(16) Leasófar Roinn 10.7 ("Saoire speisialta neamhíoctha") chun go léifear mar a leanas í:

— Féadfar saoire speisialta a dheonú do bhaill foirne gan phá. Déanfaidh an Stiúrthóir, agus Uachtaránacht na Comhairle Aireachta a mhéid a bhaineann leis an Stiúrthóir, cinneadh maidir le coinníollacha agus tréimhse na saoire speisialta neamhíoctha i ngach cás aonair ar fhoras an iarratais iomchuí.'.

(17) I Roinn 12.1 ('Scéimeanna Rannpháirtíochta/Scéimeanna Náisiúnta Slándála Sóisialta'):

— Leasófar fomhír a) chun go léifear mar a leanas í: 'Tá baill foirne freagrach as socrú a dhéanamh ar a gcostas féin le haghaidh árachas sláinte agus pinsin cuí amhail ón gcéad lá a cheapfar iad, faoi réir phointe c) thíos. Ní mór do bhaill foirne an Stiúrthóir, agus an Uachtaránacht a mhéid a bhaineann leis an Stiúrthóir, a chur ar an eolas i scríbhinn maidir lena gcumhdach árachais sláinte laistigh de 1 mhí ó dháta an cheapacháin.';

— Déanfar fomhír c) a chur isteach agus a léamh mar a leanas: 'Féadfaidh an Fostóir cúiteamh a thabhairt do bhaill foirne ar sciar seasta de chostais a n-árachais sláinte. Déanfar cúiteamh den sórt sin a fhormheas mar chuid den togra buiséid ábhartha.'.

(18) Leasófar Roinn 13 ('Achomhairc Foirne') chun go léifear mar a leanas í:

— 'Féadfaidh baill foirne fógra i scríbhinn a thabhairt don Stiúrthóir, nó don Uachtarán agus do Leas-Uachtarán Bhuanghrúpa Ardleibhéil an Chomhphobail Fuinnimh i gcás ina mbaineann gearán leis an Stiúrthóir, aon uair a mheasann an ball foirne gur caitheadh leis/léi ar bhealach nach bhfuil ag teacht le forálacha na Rialachán Foirne, leis na rialacha maidir le hearcaíocht, dálaí oibre agus cothromaíocht gheografach nó le rialacha ábhartha eile, nó gur chuir oifigeach uachtarach cóir dhochosanta nó éagórach air.'

(19) Leasófar Roinn 14 ('Coiste Eadrána') chun go léifear mar a leanas í:

— 'Cuirfidh an Stiúrthóir nó an Ball Foirne aon díospóid a bhaineann leis na Rialacháin Foirne seo idir an Fostóir agus an Ball Foirne faoi bhráid Coiste Eadrána ar an gcéad dul síos. Beidh an Coiste Eadrána comhdhéanta díobh seo a leanas:

  — Saineolaí neamhspleách ar dhlí an Aontais a bhfuil taithí aige agus a ainmneoidh an Páirtí Conarthach a mbeidh an Uachtaránacht aige nuair a bheidh an Coiste Eadrána ag teacht le chéile;

  — Saineolaí neamhspleách ar dhlí an Aontais a mbeidh taithí aige agus a ainmneoidh an Páirtí Conarthach a mbeidh an Uachtaránacht aige don chéad téarma eile;

  — Saineolaí neamhspleách ar dhlí an Aontais a bhfuil taithí aige agus a ainmneoidh an Coimisiún Eorpach, a ghníomhaíonn mar chathaoirleach ar an gCoiste Eadrána.

Glacfaidh an Buanghrúpa Ardleibhéil liosta na saineolaithe ainmnithe trí thromlach simplí ar feadh tréimhse 5 bliana. Sula ndéanfaidh sé a chinneadh, féadfaidh an Buanghrúpa Ardleibhéil diúltú do shaineolaithe bunaithe ar an easpa neamhspleáchais nó saineolais agus athainmniúchán ón bpáirtí ainmniúcháin a iarraidh.

Cinnfidh an Coiste Eadrána trí thromlach. Bunóidh an Buanghrúpa Ardleibhéil rialacha a rialóidh an nós imeachta os comhair an Choiste Eadrána leis an nGníomh Nós Imeachta. Cosnóidh an Coiste Eadrána sonraí pearsanta na gComhaltaí Foirne uile lena mbaineann.'

(20) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Roinn 15 ('Réiteach Díospóidí'):

'Nuair a bheidh an nós imeachta faoi Roinn 14 curtha i gcrích ina iomláine, agus gan aon toradh air, déanfar aon díospóid idir an Fostóir agus an Comhalta Foirne, ar iarraidh ó cheann de na páirtithe, a réiteach sa deireadh thiar trí bhinse ar a mbeidh eadránaí arna cheapadh ag Ard-Rúnaí na Buanchúirte Eadrána, Peace Palace, Carnegieplein 2, 2517 KJ, an Háig, an Isíltír, i gcomhréir leis na Rialacha ábhartha Roghnacha um Eadráin a bhaineann le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus páirtithe príobháideacha, mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) den Chomhaontú idir Poblacht na hOstaire agus an Comhphobal Fuinnimh Maidir le Suíomh Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh. Déanfaidh an binse cinneadh maidir le díospóid i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne seo. Ní thiocfaidh ábhair a bhaineann le léirmhíniú an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh agus na foscríbhinní a ghabhann leis faoi inniúlacht an bhinse.'

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Ghníomh Nós Imeachta 2006/02/MC-EnC maidir le Rialacha i ndáil le hEarcaíocht, Coinníollacha Oibre agus Cothromaíocht Gheografach Fhoireann Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh, arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2022/02/MC-EnC agus Gníomh Nós Imeachta 2022/02/MC-EnC**

(1) Roinn II. Scriosfar 9.

(2) Leasófar Roinn II.10. chun go léifear mar a leanas í:

— 'Laistigh de 7 lá tar éis chruinniú na Comhairle Aireachta, ar fhoras a cinnidh, déanfaidh an Chomhairle Aireachta a mbeidh an Uachtaránacht ag feidhmiú thar a ceann Gníomh Ceapacháin a eisiúint ina mbeidh Comhaontú Fostaíochta, a shíneoidh an Stiúrthóir. Áireofar an dréachtghníomh ceapacháin san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh ón gComhairle Aireachta maidir le ceapadh an Stiúrthóra. Áireofar sa Chomhaontú Fostaíochta na gnéithe a liostaítear i bpointe 4.4(b) de Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh chomh maith le tuairisc ar phost an Stiúrthóra agus tagairt do na rialacha maidir leis an tréimhse phromhaidh a leagtar amach i bpointe 4.10b) de Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh. "Beidh feidhm ag ceapachán an Stiúrthóra ón dáta a shíneoidh an Stiúrthóir a Chomhaontú Fostaíochta."

(3) Leasófar Roinn II. bis chun go léifear mar a leanas í:

— Féadfaidh an Stiúrthóir feidhm an Leas-Stiúrthóra a shannadh do dhuine de na cinn aonaid atá ann cheana sa Rúnaíocht. Saineoidh an Stiúrthóir cúraimí an Leas-Stiúrthóra.'

(4) I Roinn III. 9:

— Leasófar fomhír 9.2 chun go léifear mar a leanas í: 'Le linn an 6ú mí d'aon tréimhse phromhaidh, déanfaidh garoifigeach uachtarach an bhaill foirne tuarascáil a tharraingt suas maidir lena inniúlacht nó a hinniúlacht, a éifeachtúlacht nó a héifeachtúlacht agus a iompar nó a hiompar. Molfar an méid seo a leanas sa tuarascáil:

(a) go ndeimhneofar ceapachán an oifigigh;

(b) go gcuirfear síneadh 6 mhí eile ar a mhéad lena thréimhse phromhaidh nó lena tréimhse phromhaidh;

(c) go bhfoirceannfar a cheapachán nó a ceapachán.'.

— Leasófar fomhír 9.3 chun go léifear mar a leanas í: 'Déanfar an tuarascáil a tharchur roimh dheireadh an 6ú mí chuig an Stiúrthóir le haghaidh cinnidh.'.

(5) Déanfar Roinn nua a chur isteach i ndiaidh Roinn III.11. agus léifear mar a leanas í:

— 'Freastalóidh an Stiúrthóir ar thréimhse phromhaidh 6 mhí. Beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach i Roinn 4.10.b) de Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh.'.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht**

(1) Tiocfaidh an Gníomh Nós Imeachta seo i bhfeidhm tráth a ghlactha.

(2) Beidh feidhm ag forálacha na Rialachán Foirne, arna leasú leis an nGníomh Nós Imeachta seo, a bhaineann le Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, maidir leis an Stiúrthóir láithreach ar theacht i bhfeidhm an Ghnímh Nós Imeachta seo ach amháin Roinn 4.1. maidir le ceapadh an Stiúrthóra, an abairt dheireanach de Roinn 4.5.b) maidir le sainiú na tuairisce ar phost sa Chomhaontú Fostaíochta agus i Roinn 4.10.b) maidir le tréimhse phromhaidh an Stiúrthóra.

Beidh feidhm ag an dara habairt d'Alt 4.4.a) maidir leis an gComhaontú Fostaíochta maidir leis an Stiúrthóir láithreach ar theacht i bhfeidhm an Ghnímh Nós Imeachta seo trí na coinníollacha fostaíochta a áireamh sa Ghníomh Ceapacháin arna eisiúint ag an Uachtaránacht a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle Aireachta.

De bhun Roinn 3.3 de Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh, déanfaidh an Stiúrthóir, tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir 2024, an chéad dearbhú ionracais lena leagtar síos aon leas a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas a chur faoi bhráid na Comhairle Aireachta.

Déanfaidh an Stiúrthóir, faoi dheireadh 2024, an chéad tuarascáil a chur ar fáil don Chomhairle Aireachta maidir leis na a reáchtálann sé lasmuigh den Chomhphobal Fuinnimh. Féadfar an tuarascáil a sholáthar ó bhéal nó i scríbhinn.

(3) Beidh feidhm ag forálacha Rialacha Earcaíochta, Dálaí Oibre agus Cothromaíochta Geografaí Fhoireann Chomhphobail Fuinnimh na Rúnaíochta, arna leasú leis an nGníomh Nós Imeachta seo, a bhaineann le Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, maidir leis an Stiúrthóir láithreach ar theacht i bhfeidhm an Ghnímh Nós Imeachta seo ach amháin Riail II.9 maidir leis an Stiúrthóir a earcú agus Riail III.12 maidir le tréimhse phromhaidh don Stiúrthóir.

*Airteagal 4*

Cuirfidh an Rúnaíocht an Gníomh Nós Imeachta seo ar fáil do na Páirtithe agus do na hinstitiúidí uile faoin gConradh um Chomhphobal Fuinnimh laistigh de 7 lá tar éis a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín, an

Thar ceann na Comhairle Aireachta

…

Uachtaránacht

*AGUISÍN 2 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC**

**Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**maidir le Gníomh Nós Imeachta 2021/01/MC-EnC a leasú maidir le Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh le haghaidh na mblianta 2022-2023 agus maidir leis na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe sa bhuiséad**

TÁ COMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 73, 74, 86 agus 88 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach an XX.12.2023,

Ag féachaint d'Airteagail 24 agus 25 de nósanna imeachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta, arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2022/02/MC-EnC,

De bhrí go bhfuil Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na mblianta 2022-2023 le leasú chun leibhéal tuarastail an Stiúrthóra a choigeartú, chun é a thabhairt go dtí leibhéal atá i gcomhréir leis an bhfreagracht a ghlactar agus leis na cúraimí a chuirtear i gcrích faoin mbuiséad sin,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

(1) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, déanfar Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh lena gcumhdaítear na blianta airgeadais 2022 agus 2023, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Gníomh Nós Imeachta 2021/01/MC-EnC, a leasú mar a leanas:

— leis na scálaí tuarastail 2022-2023 a leagtar amach i bpointe 12 (Plean Bunaíochta 2022-2023) den Iarscríbhinn a ghabhann le Gníomh Nós Imeachta 2021/01/MC-EnC, soláthrófar tuarastal lánaimseartha an Stiúrthóra in aghaidh na míosa arna shocrú ag EUR 13 567 in 2022 agus EUR 14 381 in 2023;

— déanfar pointe 8 (Ráiteas caiteachais 2022-2023) agus pointe 9 (Mionsonraí an ráitis chaiteachais 2022-2023) den Iarscríbhinn a ghabhann le Gníomh Nós Imeachta 2021/01/MC-EnC a leasú dá réir chun tuarastal bliantúil lánaimseartha an Stiúrthóra a léiriú, mar a leagtar amach sa chéad fhomhír, sa líne bhuiséid 'Acmhainní Daonna' agus caiteachas iomlán 2022-2023.

(2) Déanfar aisíocaíocht na difríochta idir méideanna a íocadh roimhe sin agus rátaí nuashonraithe a liostaítear sa chéad fhomhír le haghaidh 2022 agus 2023 a thabhairt chun críche 30 lá tar éis ghlacadh an Ghnímh Nós Imeachta seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Gníomh Nós Imeachta seo ar na Páirtithe agus ar na hinstitiúidí uile faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh.

*Airteagal 3*

(1) Tiocfaidh an Gníomh Nós Imeachta seo i bhfeidhm tráth a ghlactha.

(2) Cuirfidh Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh an Gníomh Nós Imeachta seo ar fáil do gach Páirtí agus do gach institiúid faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh laistigh de 7 lá tar éis a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín, an

Thar ceann na Comhairle Aireachta

…

Uachtaránacht

*AGUISÍN 3 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC**

**Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**maidir le Gníomh Nós Imeachta 2021//02/MC-EnC i dtaca le Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a cheapadh.**

TÁ COMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh, agus go háirithe Airteagal 69 agus Airteagal 88 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach an XX.12.2023,

Ag féachaint d'Airteagal 1 de Ghníomh Nós Imeachta 2021/02/MC-EnC lenar ceapadh Artur Lorkowski ina Stiúrthóir ar Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh go ceann tréimhse 3 bliana, dar tús an 1 Nollaig 2021,

Ag féachaint do Ghníomh Nós Imeachta 2022/02/MC-EnC lenar cuireadh síneadh 5 bliana le ré shainordú Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, nach féidir é a athnuachan níos mó ná uair amháin, agus lenar cuireadh an téarma sínithe sin i bhfeidhm maidir leis an gcéad sainordú den Stiúrthóir atá ann faoi láthair,

Ag féachaint d'Airteagal 2 de Ghníomh Nós Imeachta 2021/02/MC-EnC maidir le Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a cheapadh, lenar socraíodh oll-luach saothair bliantúil an Stiúrthóra nuacheaptha ag EUR 116 532,

De bhrí gur leasaíodh le Gníomh Nós Imeachta 2023/XX/MC-EnC Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na mblianta 2022-2023 chun leibhéal tuarastail an Stiúrthóra a choigeartú, agus é a thabhairt go leibhéal atá i gcomhréir leis an bhfreagracht a ghlactar agus leis na cúraimí a chuirtear i gcrích faoin mbuiséad sin,

De bhrí go bhfuil méadú forásach ar thuarastal an Stiúrthóra le tarlú faoi Bhuiséad an Chomhphobail Fuinnimh 2024-2025, arna ghlacadh de bhun Ghníomh Nós Imeachta 2023/XX/MC-EnC, faoi réir meastóireacht bhliantúil dhearfach ar fheidhmíocht,

De bhrí gur gá Gníomh Nós Imeachta 2021/02/MC-EnC a leasú chun a áirithiú go mbeidh sé ailínithe le Buiséad leasaithe an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na mblianta 2022-2023 agus leis an mBuiséad nua le haghaidh na mblianta 2024-2025,

Ag féachaint d'Airteagal 3 de Ghníomh Nós Imeachta 2023/XX/MC-EnC de Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh lena leasaítear Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh an 18 Nollaig 2007 agus Gníomh Nós Imeachta 2006/02/MC-EnC maidir le Rialacha a ghlacadh maidir le hEarcaíocht, Dálaí Oibre agus Cothromaíocht Gheografach Fhoireann an Chomhphobail Fuinnimh, lena leagtar amach na forálacha idirthréimhseacha maidir lena infheidhmeacht maidir leis an gcéad sainordú de Stiúrthóir reatha Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh,

De bhrí gur cheart Gníomh Ceapacháin Stiúrthóir láithreach Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, arna eisiúint ag an Uachtaránacht an 29 Nollaig 2021, a leasú freisin mar a leagtar amach san Iarscríbhinn chun fad tréimhse leasaithe shainordú an Stiúrthóra agus an tuarastal coigeartaithe a léiriú, agus chun na coinníollacha fostaíochta a bhfuil feidhm acu go dtí go rachaidh céad sainordú an Stiúrthóra in éag a áireamh,

De bhrí gur cheart don Chomhairle Aireachta, arna hionadú ag an Uachtaránacht, an Gníomh Ceapacháin leasaithe a eisiúint ar dháta glactha an Ghnímh Nós Imeachta seo,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

(1) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Ghníomh Nós Imeachta 2021/02/MC-EnC:

— 'Ceapann an Chomhairle Aireachta Artur Lorkowski mar Stiúrthóir ar Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh ar feadh tréimhse 5 bliana, a bheidh in-athnuaite uair amháin ar a mhéad, ag tosú an 1 Nollaig 2021.'

(2) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Ghníomh Nós Imeachta 2021/02/MC-EnC:

— 'Cinnfear Coinníollacha Oibre an Stiúrthóra leis na Rialacháin Foirne sa leagan is déanaí díobh agus leis an nGníomh Ceapacháin lena n-áirítear na coinníollacha fostaíochta is infheidhme go dtí deireadh an tsainordaithe. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, cinnfear tuarastal lánaimseartha an Stiúrthóra in aghaidh na míosa i gcomhréir le Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh agus socrófar a mhéid mar a leagtar amach i mBuiséad an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na mblianta 2022-2023 de bhun Ghníomh Nós Imeachta 2021/1/MC-EnC arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2023/XX/MC-EnC, le haghaidh na mblianta 2024-2025 de bhun Ghníomh Nós Imeachta 2023/XX/MC-EnC maidir le Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh le haghaidh na mblianta 2024-2025 agus maidir leis na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe sa bhuiséad, agus le haghaidh 2026 mar a chinntear leis an nGníomh Nós Imeachta a bheidh ann amach anseo lena socrófar Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na mblianta 2026-2027 agus maidir leis na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe sa bhuiséad.'

*Airteagal 2*

Gníomh Ceapachán Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, lena leasaítear Gníomh Ceapacháin an 29 Nollaig 2021 agus ina bhfuil na coinníollacha fostaíochta, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nGníomh Nós Imeachta seo, eiseoidh an Uachtaránacht a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle Aireachta é an lá a ghlacfar an Gníomh Nós Imeachta seo.

*Airteagal 3*

Cuirfidh an Rúnaíocht an Gníomh Nós Imeachta seo ar fáil do na Páirtithe agus do na hinstitiúidí uile faoin gConradh um Chomhphobal Fuinnimh laistigh de 7 lá tar éis a ghlactha.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Gníomh Nós Imeachta seo i bhfeidhm tráth a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín, an

Thar ceann na Comhairle Aireachta

…

Uachtaránacht

*Iarscríbhinn*

**Gníomh Ceapacháin**

**lena leasaítear Gníomh Ceapacháin an 29 Nollaig 2021**

De réir Rialacha maidir le hEarcaíocht, Dálaí Oibre agus Cothromaíocht Gheografach Fhoireann na Rúnaíochta arna nglacadh ag an gComhairle Aireachta le Gníomh Nós Imeachta 2006/02/MC-EnC, arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2016/01/MC-EnC agus Gníomh Nós Imeachta 2023/XX/MC-EnC, mar atá i gceangal leis seo

(1) Ainm an fhostóra: An Comhphobal Fuinnimh, Am Hof 4, 1010 Vín, an Ostair

(2) Ainm an fhostaí: Artur Lorkowski

(3) Dáta an Cheapacháin: 1 Nollaig 2021

(4) Dáta éaga an Cheapacháin: 30 Samhain 2026

(5) Teideal: Stiúrthóir

(6) Áit Fostaíochta: Vín, an Ostair

(7) Dálaí oibre:

Mar a leagtar amach sna Rialacháin Foirne agus sna Rialacha Foirne maidir le hEarcaíocht, Coinníollacha Oibre agus Cothromaíocht Gheografach fhoireann na Rúnaíochta, arna leasú.

(8) Tuarastal:

I gcomhréir le Rialacháin Foirne an Chomhphobail Fuinnimh agus mar a leagtar amach i mBuiséad an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na mblianta 2022-2023 de bhun Ghníomh Nós Imeachta 2021/1/MC-EnC arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2023/XX/MC-EnC, le haghaidh na mblianta 2024-2025 de bhun Ghníomh Nós Imeachta 2023/XX/MC-EnC, agus le haghaidh na bliana 2026 arna chinneadh leis an nGníomh Nós Imeachta lena leagtar síos Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na mblianta 2026-2027.

(9) Tuairisc ar phost:

(a) Déanfar an mheastóireacht bhliantúil ar fheidhmíocht an stiúrthóra i gcomhréir le hAirteagal 4.8 de na Rialacháin Foirne, bunaithe ar an tuairisc ar phost thíos lena gcumhdaítear na cúraimí seo a leanas ar a laghad:

(a) Gníomhaíochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha na Rúnaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach i gcomhréir lena sainordú, mar a leagtar amach in Airteagal 67 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh,

(b) Pleanáil agus bainistiú éifeachtach na n-acmhainní daonna a áirithiú, lena n-áirítear leithdháileadh agus úsáid éifeachtúil acmhainní, an fhoireann a spreagadh, dea-spiorad foirne a chothú chomh maith le timpeallacht oibre atá cothrom agus táirgiúil a chruthú agus a choinneáil ar bun,

(c) Pleanáil, bainistiú agus cur chun feidhme éifeachtach an bhuiséid a áirithiú i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus na rialacha buiséadacha,

(d) Ionadaíocht Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a áirithiú laistigh d'institiúidí agus de chomhlachtaí an Chomhphobail Fuinnimh, agus don taobh amuigh chomh maith.

(b) Pléifear an tuairisc sin ar phost leis an Stiúrthóir le linn na meastóireachta bliantúla ar fheidhmíocht agus, bunaithe ar thoradh na meastóireachta sin, déanfar é a choigeartú más gá.

Uachtaránacht an Chomhphobail Fuinnimh

Arna dhéanamh i Vín, an

*AGUISÍN 4 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA**

**CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**2023/XX/MC-EnC: Maidir le Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh le haghaidh na mblianta 2024-2025 agus maidir leis na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe sa bhuiséad**

Déanann Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 73, 74, 86 agus 88 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach an XX.12.2023 chuig Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na tréimhse 2024-2025,

Ag féachaint d'Airteagail 24 agus 25 de nósanna imeachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta,

De bhrí go nglacfaidh an Chomhairle Aireachta buiséad débhliantúil a chumhdóidh caiteachais oibríochtúla an Chomhphobail Fuinnimh a bhfuil gá leo d'oibriú a institiúidí,

De bhrí go ndéanfaidh gach Páirtí ranníocaíocht le buiséad an Chomhphobail Fuinnimh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Glactar leis seo Buiséad an Chomhphobail Fuinnimh lena gcumhdaítear na blianta airgeadais 2024 agus 2025 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

*Airteagal 2*

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, leagtar amach na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe le buiséad an Chomhphobail Fuinnimh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nGníomh Nós Imeachta seo.

*Airteagal 3*

Tá an Gníomh Nós Imeachta seo dírithe ar na Páirtithe agus ar na hinstitiúidí uile faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh.

*Airteagal 4*

Cuirfidh Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh an Gníomh Nós Imeachta seo ar fáil do gach Páirtí agus do gach institiúid faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh laistigh de 7 lá tar éis a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín an

Thar ceann na Comhairle Aireachta

…

Uachtaránacht

*AGUISÍN 5 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

## GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH

### maidir le Cairt Eagrúcháin na Rúnaíochta a ghlacadh

Déanann Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 67 agus 68 de,

Ag féachaint do Ghníomh Nós Imeachta 2006/02/MC-EnC an 17 Samhain 2006 maidir le Rialacha Earcaíochta, Dálaí Oibre agus Cothromaíocht Gheografach Fhoireann an Chomhphobail Fuinnimh de chuid na Rúnaíochta a ghlacadh,

arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2016/01/MC-EnC an 14 Deireadh Fómhair 2016,

arna leasú le Gníomh Nós Imeachta na Comhairle Aireachta 2022/02/MC-EnC an 15 Nollaig 2022, agus go háirithe Ítim III.2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacfaidh an Chomhairle Aireachta Cairt Eagrúcháin na Rúnaíochta, bunaithe ar thogra ó Stiúrthóir na Rúnaíochta;

(2) Téann Cairt Eagrúcháin na Rúnaíochta is infheidhme faoi láthair siar go dtí an 15 Nollaig 2022 agus ba cheart í a thabhairt cothrom le dáta.

Ag féachaint don togra ó Stiúrthóir na Rúnaíochta,

TAR ÉIS AN GNÍOMH NÓS IMEACHTA SEO A GHLACADH:

*Airteagal aonair*

(1) Glactar leis seo Cairt Eagrúcháin na Rúnaíochta atá i gceangal leis an nGníomh Nós Imeachta seo agus tá sé infheidhme ón 1 Eanáir 2024.

(2) Tiocfaidh an Gníomh Nós Imeachta seo i bhfeidhm lá a ghlactha.


Arna dhéanamh i Vín an

Thar ceann na Comhairle Aireachta

…

Uachtaránacht

**Iarscríbhinn: Cairt Eagrúcháin Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh**



*AGUISÍN 6 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2023/XX/MC-EnC**

**Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**maidir le leasú ar Ghníomh Nós Imeachta 2006/03/MC-EnC maidir le glacadh Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh um Bunú agus Chur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta, arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2014/01/MC-EnC agus an Gníomh Nós Imeachta 2022/02/MC-EnC.**

TÁ COMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 74 agus 88 de,

De bhrí go gceanglaítear le Rialacha Buiséadacha an Chomhphobail Fuinnimh cumhacht a thabhairt don Stiúrthóir ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Chomhphobail Fuinnimh agus gníomhú thar a cheann chun buiséad an Chomhphobail Fuinnimh agus a ghnáthoibriú a chur chun feidhme, go háirithe ina idirghníomhú nó a hidirghníomhú le bainc,

Ag féachaint don togra ón Rúnaíocht,

TAR ÉIS AN GNÍOMH NÓS IMEACHTA SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar Airteagal 31 a mhodhnú agus a léamh mar a leanas:

'Feidhmeoidh an Stiúrthóir dualgais an oifigigh údarúcháin le linn a théarma nó a téarma san oifig. Cuirfidh sé nó sí an buiséad i ngníomh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhphobail Fuinnimh de bhun Airteagal 74 den Chonradh, ar a fhreagracht féin agus laistigh de theorainneacha na leithreasaí a údaraíodh. Go háirithe, údaraítear don Stiúrthóir cuntais an Chomhphobail Fuinnimh a oscailt agus a dhúnadh in aon bhanc san Aontas Eorpach, cuntais den sórt sin a oibriú, lena n-áirítear trí orduithe íocaíochtaí, aistrithe caipitil agus aon idirbheart baincéireachta riachtanach eile a thionscnamh agus aon réiteach bainc maidir leis na cuntais sin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a fhorghníomhú, lena n-áirítear doiciméid airgeadais, ionstraimí agus ráitis a shíniú faoi chuimsiú oibriú na gcuntas sin chun buiséad an Chomhphobail Fuinnimh agus a ghnáthoibriú a chur chun feidhme.

Cuirfidh an Stiúrthóir an Coiste um an mBuiséad ar an eolas maidir le cuntais a oscailt agus a dhúnadh.'

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Gníomh Nós Imeachta seo i bhfeidhm tráth a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín, an

Thar ceann na Comhairle Aireachta

…

Uachtaránacht

*AGUISÍN 7 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**CINNEADH Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**D/2023XX/MC-EnC: Maidir le hUrscaoileadh Airgeadais Stiúrthóir na Rúnaíochta**

Tá Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag féachaint don Ghníomh Nós Imeachta lena mbunaítear Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta, agus go háirithe Airteagal 83 de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar an Tuarascáil maidir leis an Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022 chomh maith le ráiteas urrúis na n-iniúchóirí,

Agus barúlacha an Choiste um an mBuiséad agus an tuarascáil ábhartha á gcur san áireamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar Stiúrthóir reatha Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, Artur Lorkowski, a urscaoileadh óna fhreagracht bainistíochta agus riaracháin i ndáil leis an mbuiséad le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín an

Thar ceann na Comhairle Aireachta

…

Uachtaránacht